



**Comhairle Contae  
Dhún na nGall**  
Donegal County Council

## **Leabhrán Eolais ar Ullmhú Dréachtphlean Ceantair Áitiúil i dtaca le Bailte Aicme 2**

Is iad na bailte atá le cumhdach ag an Phlean Ceantair Áitiúil:

**Bealach Féich - Srath an Urláir**

**Béal Átha Seanaidh**

**Ceann an Droichid**

**Carn Domhnach**

**Baile Dhún na nGall**

**An Clochán Liath**

**Na Cealla Beaga**

## Eolas Ginearálta

Tá Comhairle Contae Dhún na nGall ag cur túis le Plean Ceantair Áitiúil a ullmhú fá choinne seacht gcinn de Bhailte Aicme 2 sa Chontae, mar atá Bealach Féich - Srath an Urláir, Béal Átha Seanaidh, Ceann an Droichid, Carn Domhnach, Baile Dhún na nGall, An Clochán Liath agus Na Cealla Beaga.

Agus an Dréachtphlean Ceantair Áitiúil á fhorbairt, tá an Chomhairle ar lorg do thuairimí. Tugann an leabhrán seo roinnt eolais ar cad é atá i gceist le Plean Ceantair Áitiúil agus ar an dóigh a dtabharfaidh an Chomhairle faoina ullmhú, agus tá achoimre ann ar chuid de na ceisteanna atá ábhartha in achan bhaile.

### Cad é an rud é Plean Ceantair Áitiúil (PCA)?

Is Plean é a leagann amach an doigh a bhforbrófar áit san am atá amach romhainn agus is ceist ábhartha phleanála é maidir le cinnithe a dhéanamh ar iarratais phleanála. Is féidir leis réimsí mar seo a leanas a chlúdach:

- Talamh a chriosú fá choinne úsáidí éagsúla ar nós tithiochta agus fáillichcta;
- Láir na mbailte a athnuachan
- Sonraí i dtaca le haisearna pobail
- Caighdeán deartha
- Teorann an bhaile a shocrú

### Cad é an próiseas atá i gceist lena ullmhú?

Tá próiseas dleathach ann atá le leanúint chun Plean Ceantair Áitiúil a ullmhú atá tá sé sin leagtha amach in alt 20 den Acht um Pleanáil agus forbairt 2000 (arna leasú), agus tá comhairliúchán iria chuid lárnach den phróiseas chomh maith. Tá an staid reatha ag Céim 1. Baillú eolais agus comhairliúchán poiblí. Fá choinne tuilleadh mionsonrai ar an phróiseas agus ar amscáil, tá agusín (i) leis an Leabhrán Eolais seo a thaispeáinann cairt Gant dar teideal, 'Key Stages and Timelines in Preparation of Local Area Plans' mar atá le fáil i dTreoirlinte na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil chuig Údarás Phleanála ar Phleananna Ceantair Áitiúil, Meitheamh 2013.

### Figiúr 1: Céimeanna sa phróiseas

•	Baillú eolais agus comhairliúchán poiblí
•	Dréacht-PCA a ullmhú agus a fhoilisiú le haghaidh comhairliúchán poiblí
•	Leasuithe cui a ullmhú don dréachtphlean de bharr an chomhairliúcháin
•	Má tá na leasuithe ábhartha nó suntasach, tuilleadh comhairliúcháin
•	An PCA a chriochnú agus a chur i bhfeidhm

### Comhthéacs Foriomlán Pleanála

Tá cur síos ar na bailte a chlúdófar sa Philean Ceantair Áitiúil i gCroi-Sraitéis an Philean Forbartha Contae (BFC) 2012 - 2018 (arna leasú) mar 7 gcinn de na bailte atá sna Bailte Tacaiochta Straitéiseacha de chuid Aicme 2; altnítear Bun Cranincha agus Bun Dobhráin mar bhailte Aicme 2 ach de bharr go bhfull Pleannanna Forbartha acu cheana féin ní thagann siad faoin PCA seo. Léiríonn Figiúr 2 cliarlathas lonnaiochta an PFC 2012 - 2018 mar arb é Leitir Ceanainn an baile Aicme 1 (tá sé ina Lonnaiocht 'Gheatabhealaigh' laistigh den Sraitéis Náisiunta Spásúil chomh maith). Go ginearálta, tá béal ag an ordlathas lonnaiochta ar ról an Gheatabhealaigh mar phriomhthiománaí an fháis sa Chontae, agus lónra de 'Bhailte Tacaiochta Straitéiseacha' ina dhiaidh sin, a bhfull ról tábhachtach acu mar ionaid seirbhise féin-leorga laistigh den chontae a sholáthraíonn do riachtanais shóisialta, eacnamaiochta agus phobal an phobail i gcoitinne laistigh dá gceantracha féin agus mar a gcuideoidh tacaiocht chun forbartha le buntáisti suntasacha pobail agus eacnamaiochta.

**Figiúr 2: An tOrdlathas Lonnaiochta**

(Falmse: PFC 2012 - 2018 [arna leasú], Croi Dhoiciméad, leathanach 13)



Tá scriofa i gCroi-Sraitéis an PFC 2012 - 2018 go leanfaidh an Chomhairle de bheith ag bainistiú fás na mbailte Aicme 2 sa dóigh is go leanfar de bheith ag tacú le fás an daonra láidir atá iontu agus chun beocht agus brí na mbailte seo a chothú. Mar sin de, dirionn an Chroi-Sraitéis 50% den fhás daonra a bhfulltear ag súil leis amach anseo chuig na bailte Aicme 2 agus luann go sonrach an fás ar feadh atá i gceist d'achian bhalle. Baineadh Figiúr 3

amach as Tábla 7 de PFC 2012 - 2018 (leathanach 23 den Chroi-Dhoiciméad) agus taispeánann sé an leithroinnt daonra do na Bailte de chuid Aicme 2, chomh maith leis an chriosú talún iarmhartach a soláthraitear dō i gcreatlach pleannála reatha PFC 2012 - 2018, agus aithnionn sé cá hait a bhfuil easpa-talamh criosaithe. Caithfidh an Dréacht-PCA a bheith i gcomhlíreir le Croi-Sraitéis fhionmlán an PFC 2012 - 2018 agus soláthroidh sé candom foriomlán an talún atá aitheanta laistigh de thábla 7 (Fíglur 3 thíos) a bheith riachtanach leis an fhás atá beartaithe do gach ionnaiocht a éascú.

#### Fíglur 3: An Chroi-Sraitéis i dtaca le Bailte Aicme 2 mar atá lualte sa Phlean Forbartha Contae 2012 - 2018 (arna leasú)

(Foinse: Slíocht as Tábla 7 den PFC 2012 - 2018 (arna leasú), Croi-Dhoiciméad, leathanach 23)

Ait	Leithroinnt Daonra na Croi-Sraitéis	Lón asasach titheochta de dhíth	Talamh Titheochta de dhíth (HEA) (HA)	Criosc faoi láthair @ 30/09/12 (HA)	Criosc atá beartaithe (tailtí cónaitheach a go priomha) (HA)	An tárgeacht titheochta (tailtí cónaitheach a go priomha) (sonaid)	An tárgeacht titheochta (ní tailtí cónaitheach a go priomha) (sonaid)	An t-easnamh / an farasbarr (HA)
Bailte Tacalochta Straitéisearcha	5114	1826	223	773	163	2472	276	-65
Bun Cranncha	1331	493	62	430	62 <sup>1</sup>	672	72	0
Bun Dobhráin	460	160	21	135	21 <sup>2</sup>	218	24	0
Bealach Feich Srath an Uirlís	571	347	43	0	11	408	48	-12
Béal Atha Seanaidh	614	219	27	56	27 <sup>3</sup>	283	36	0
Bailte Dhún na nGall	582	201	25	0	7	276	24	-18
Carr Domhnach	460	164	21	0	12	228	24	-9
Na Cealla Beaga	307	110	14	111	14 <sup>4</sup>	164	24	0
An Clochán Liath	256	91	11	0	5	120	12	6
Ceannan Dhoiridh	107	37	5	0	4	48	12	-1

#### Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta agus Measúnacht lomchui

Mar chuid den phróiseas chun Dréacht-PCA a ullmhú is gá feachaint ar na héifeachtai a d'fhéadfadh a bheith ag an Phlean ar an timpeallacht. Tá gá le dhá mheasúnacht i dtaca leis seo. Ar dtús, tá gá le Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta a mheasúnóidh na héifeachtai a bheadh ag cur i bhfeidhm an Phlean ar an timpeallacht trasna réimsí éagsúla ar nos caighdeán uisce, athrú aeráide, bithéagsúlacht, sláinte daoine, oidhreacht chultúrtha agus sócmhainní ábhartha. Ar an dara dul sios, is gá an pleán a scagadh feachaint an bhfuil gá le Measúnacht lomchui, faoin Treoir um Ghnáthóga, a mheasann cé acu gur dócha go mbeidh tionchar suntasach ag an Phlean, leis féin nó i gcomhar le pleannála eile, ar shuilomhanna ainmnithe Eorpacha, nó nach mbeidh. Meastar suilomhanna Eorpacha a bheith mar chuid de

<sup>1</sup> Le seachadadh tríd an Athrú ar Phlean Forbartha Bhaile Bhun Cranncha agus an Ceantar Máguaid atá de dhíth.

<sup>2</sup> Le seachadadh tríd an Athrú ar Phlean Forbartha Bhun Dobhráin agus an Ceantar Máguaid atá de dhíth.

<sup>3</sup> Le seachadadh tríd an Athrú ar Phlean Ceantair Áitiúil Bheal Atha Seanaidh agus an Ceantar Máguaid.

<sup>4</sup> Le seachadadh tríd an Athrú ar Phlean Ceantair Áitiúil na gCealla Beaga.

Líonra Natura 2000, atá comhdhéanta de Limistéir Chaomhantais Speisialta agus Limistéir Chosanta Speisialta. Tá sé seo uilig tábhachtach i dtaca lenár n-acmhainní saibhre timpeallachta uilig a aithint agus lena chinntiú go mbeidh idirghníomhaocht dhearfach idir an Plean s'againne agus an timpeallacht s'againne.

**Cad é mar a thig leatsa bheith páirteach sa chomhairliúchán?**

Le bonn eolais a chur ar fáil d'ullimhú an Dréachtpheilean Ceantair Áitiúil, tá réamhchomhairliúchán ar bun ag an Chomhairle, mar a thoráltear dō in Alt 20(1) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú). Is féidir leat tuairimi a thabhairt nō aighneacht a dhéanamh i dtaca le húllmhú an Dréachtpheilean Ceantair Áitiúil ar dhóigh ar bith acu seo a leanas:

- Tri ríomhphost chuirg localareaplan@donegalcoco.ie nō,
- Tri phost chuirg: An Lár-Aonad Pleanála, Comhairle Contae Dhún na nGall, Teach an Chontae, Leifear, lena fháil faoi 5pm, ar a mhoille, ar an 29 Feabharr 2016.

## Aguisín (i) Priomhchéimeanna agus Amscálai i dtírcá le Plean Ceantair Áitiúil a ullmhú

(Foinsé: Treoirlinne na Roinne Comhshaoil, Poball agus Ríaltas Áitiúil chun Údarás Phleanála ar Phleananna Ceantair Áitiúil, Meitheamh 2013)

